An Dr Cormac Doran Co.na Mí	John Gilligan Uas. Gaillimh	Dr Cormac Doran Co. Meath	Mr John Gilligan Galway
An Dr Kieran Doran Scoil Leighis, UCC	Terence Gravett Uas. Béal Feirste	Dr Kieran Doran School of Medicine, UCC	Mr Terence Gravett Belfast
Shane Dowdall Uas. Léachtóir, DIT	Paul Greaney Uas. Léachtóir, LIT	Mr Shane Dowdall Lecturer, DIT.	Mr Paul Greaney Lecturer, LIT
Mervin Doyle Uas. Léachtóir, WIT	Elaine Griffin Uas. Léachtóir, NCAD	Mr Mervin Doyle Lecturer, WIT	Ms Elaine Griffin Lecturer, NCAD
Ronan Doyle Uas. Léachtóir, IT Thrá Lí	An tOllamh Jean Marc Guarini Université Pierre et Marie Curie, An Fhrainc	Mr Ronan Doyle Lecturer, IT Tralee	Professor Jean Marc Guarini Universite Pierre et Marie Curie, France
An Dr Anthony Draper Léachtóir, Coláiste All Hallows, Baile Átha Cliath	An Dr Anthony Hall Léachtóir & Leas-Déan, NUIG	Dr Anthony Draper Lecturer, All Hallows College, Dublin	Dr Anthony Hall Lecturer & Vice-Dean, NUIG
Arthur Duff Uas. Baile Átha Cliath	An Dr Francis Halsall Léachtóir, NCAD	Mr Arthur Duff Dublin	Dr Francis Halsall Lecturer, NCAD
Geraldine Duignan Uas. Léachtóir, IT Shligigh	An Dr James Hanrahan IT Shligigh	Ms Geraldine Duignan Lecturer, IT Sligo	Dr James Hanrahan Sligo IT
Tracey Fahy Uas. Ceann Roinne, LIT	Patricia Harris Uas. Griffith College, Baile Átha Cliath	Ms Tracey Fahy Head of Department, LIT	Miss Patricia Harris Griffith College, Dublin
Luke Fannon Uas. Léachtóir, AIT	Thomas Healy Uas. Léachtóir, AIT	Mr Luke Fannon Lecturer, AIT	Mr Thomas Healy Lecturer, AIT
An Dr Noel Faherty Bainisteoir Oibríochtaí, Smurfit Kappa, Gaillimh	An Dr Alan Hurst Léachtóir Sinsearach, Nottingham, RA	Dr Noel Faherty Operations Manager, Smurfit Kappa, Galway	Dr Alan Hurst Senior Lecturer, Nottingham, UK
An tOllamh David Ferry Scoil Ealaíon & Dearaidh Cardiff, Cardiff	An Dr Kieran Hickey Léachtóir, NUIG	Prof David Ferry Cardiff of School of Art & Design, Cardiff	Dr Kieran Hickey Lecturer, NUIG
Angela Gaine Uas. Léachtóir, LIT	Séamus Hoyne Uas. Léachtóir, LIT	Ms Angela Gaine Lecturer, LIT	Mr Seamus Hoyne Lecturer, LIT
Ben Geoghegan Uas. Amharc-Chleachtóir, Gaillimh		Mr Ben Geoghegan Visual Practitioner, Galway	

Ronnie Hughes Uas. Léachtóir, IT Shligigh	An Dr Una Mannion Léachtóir, IT Shligigh	Mr Ronnie Hughes Lecturer, Sligo IT	Dr Una Mannion Lecturer, IT Sligo
Ciaran Hynes Uas. RA	Michael Margey Uas. Léachtóir, LYIT.	Mr Ciaran Hynes UK	Mr Michael Margey Lecturer, LYIT
An Dr Briga Hynes Léachtóir, UL	Laurence May Uas. Bainisteoir, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo	Dr Briga Hynes Lecturer, UL	Mr Laurence May Manager, Ballinrobe, Co. Mayo
Aideen Ireland Uas. An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath	Mary McCann Uas. HGL O'Connor & Co Ltd., Gaillimh	Ms Aideen Ireland National Archives, Dublin	Ms Mary McCann HGL O'Connor & Co Ltd., Galway
An Dr Marc Isaacs Déantóir Scannán Faisnéise, Londain	An Dr Liam McDonnell Ceann Roinne, CIT.	Dr Marc Isaacs Documentary Filmmaker, London	Dr Liam McDonnell Head of Department, CIT
An Dr Kevin Kelly Léachtóir, DIT	Patrick McGarty Uas. Ceann Roinne, IT Thrá Lí	Dr Kevin Kelly Lecturer, DIT	Mr Patrick McGarty Head of Department, IT Tralee
An Dr Bob Kennedy Innealtóir Cháilíochta, IT Shligigh	John McGarvey Uas. Léachtóir, LYIT	Bob Kennedy Quality Engineering, IT Sligo	Mr John McGarvey Lecturer, LYIT
Philip Kenny Uas. Luimneach	Colin McGookin Uas. Eanaíontóir, Tuaisceart Éireann	Mr Philip Kenny Limerick	Mr Colin McGookin Artist, Northern Ireland
An Dr Mary Ann Kenny Léachtóir, IT Bhaile Blainséir	Enda McGuane Uas. Gaillimh	Dr Mary Ann Kenny Lecturer, IT Blanchardstown	Mr Enda McGuane Galway
Natasha Kinsella Uas. POF, Institiúid Fáilteachais na hÉireann, Baile Átha Cliath	Denis McHugh Uas. Gaillimh	Ms Natasha Kinsella CEO, Irish Hospitality Institute, Dublin	Mr Denis McHugh Galway
Vicky Leahy Uas. Léachtóir, DKIT	Mark McLarnon Uas. Léachtóir, IT Thrá Lí	Ms Vicky Leahy Lecturer, DKIT	Mr Mark McLarnon Lecturer, Tralee IT
An Dr James Leahy Léachtóir Sinsearach, UL	Declan McManus Uas. Ailtire, Co. Mhaigh Eo	Dr James Leahy Senior Lecturer, UL	Mr Declan McManus Architect, Co Mayo
Margaret Linehan Uas. Léachtóir, CIT	James McNamara Uas. Léachtóir, AIT	Ms Margaret Linehan Lecturer, CIT	Mr James McNamara Lecturer, AIT
Declan Long Uas. Léachtóir, NCAD	Pádraig McTiernan Uas. CT Solutions, Tiobraid Arann	Mr Declan Long Lecturer, NCAD	Mr Pádraig McTiernan CT Solutions, Tipperary
Henry Lupton Uas. Órán Mór, Co. na Gaillimhe	An Dr Peter Melinn Ceann Roinne, AIT	Mr Henry Lupton Oranmore, Co. Galway	Dr Peter Melinn Head of Department, AIT
An Dr Ciarán Mac Donncha Léachtóir, UL	Donall Monaghan Uas. Suirbhéir Cainníochta, Gaillimh	Dr Ciarán Mac Donncha Lecturer, UL	Mr Donall Monahan, Quantity Surveyor, Galway
Joanne Malone Uas. Léachtóir, WIT	An Dr Gerard Moran Léachtóir, NUIG	Ms Joanne Malone Lecturer, WIT	Dr Gerard Moran Lecturer, NUIG



Iarla Moran Uas. Innealtóir Feidhmeannach Sinsearach, Comhairle Contae Mhaigh Eo	An Dr Dióg O'Connell IADT, Baile Átha Cliath	Ms Iarla Moran Senior Executive Engineer, Mayo County Council	Mr Gerard O'Donovan Head, School of Business, CIT
Kathleen Moroney Uas. Léachtóir, IADT	Gerard O'Donovan Uas. Ceann, Scoil Ghnó, CIT	Ms Kathleen Moroney Lecturer, IADT	Mr Bernard O'Farrell Galway
John Morrison Uas. Dún Dealgan, Co. Lú	Bernard O'Farrell Uas. Gaillimh	Mr John Morrison, Dundalk, Co. Louth	Ms Marie O'Halloran Lecturer, AIT
Fiona Mulholland Uas. Dealbhóir/Amharc-Ealaín, Co. Liatroma	Marie O'Halloran Uas. Léachtóir, AIT	Ms Fiona Mulholland Sculpture/Visual Art, Co. Leitrim	Mr Barry O'Loughlin Lecturer, AIT
Francis Mulry Uas. Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	Barry O'Loughlin Uas. Léachtóir, AIT	Mr Francis Mulry Athenry, Co. Galway	Mr Michael P O'Mahony Lecturer, CIT
Jim Mulroy Uas. Léachtóir, AIT	Michael P O'Mahony Uas. Léachtóir, CIT	Mr Jim Mulroy Lecturer, AIT	Dr Tomas O'Mahony Lecturer, CIT
Larry Murphy Uas. Léachtóir, DKIT	An Dr Tomás O'Mahony Léachtóir, CIT	Mr Larry Murphy Lecturer, DKIT	Mr Christy O Sullivan Operations Director, Galway
An Dr Catriona Murphy Ceann Roinne, LIT	Christy O Sullivan Uas. Stiúrthóir Oibríochtaí, Gaillimh	Dr Catriona Murphy Head of Department, LIT	Dr Donal Palcic Lecturer, UL
An Dr Patrick J. Naughton Léachtóir Sinsearach, UL, Béal Feirste	An Dr Donal Palcic Léachtóir, UL	Dr Patrick J. Naughton Senior Lecturer, UL, Belfast	Mr Richard Peard Lecturer, CIT
Íte Ní Chionnaith Léachtóir, DIT	Richard Peard Uas. Léachtóir, CIT	Íte Ní Chionnaith Léachtóir, DIT	Mr William Penny Lecturer, University of Ulster
An Dr Gearóid Ó Casaide, Baile Átha Cliath	William Penny Uas. Léachtóir, Ollscoil Uladh	Dr Gearóid Ó Casaide Baile Atha Cliath	Dr Fergal Purcell Director of Energy Solutions, Dublin
An Dr Kieran O'Connor Léachtóir, NUIG	An Dr Fergal Purcell Stiúrthóir Energy Solutions, Baile Átha Cliath	Dr Kieran O'Connor, Lecturer, NUIG	Dr Basil Regan C & F Energy, Athenry, Co. Galway
Pádraic Ó Gallachóir Oifigeach Caidrimh Tionscail, LYIT	An Dr Basil Regan C & F Energy, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	Mr Pádraic Ó Gallachóir Industry Liaison Officer, LYIT	Ms Kathleen Regan Lecturer, UL
Ciarán Ó hAnnracháin Uas. Léachtóir, LYIT	Kathleen Regan Uas. Léachtóir, UL	Mr Ciarán Ó hAnnracháin Léachtóir, LYIT	Dr Sean Reidy Lecturer, AIT
An Dr Nollaig Ó Muraíle Léachtóir, NUIG	An Dr Seán Reidy Léachtóir, AIT	Dr Nollaig Ó Muraíle Lecturer, NUIG	Ms Frances J. Robertson Sheffield University
Stephen Ó Briain Uas. Co. Ceatharlach	Francis J. Robertson Uas. Ollscoil Sheffield	Mr Stephen Ó Briain Co. Carlow	Mr Christopher Ryan Lecturer, DIT
	Christopher Ryan Uas. Léachtóir, DIT	Dr Dióg O'Connell IADT, Dublin	

An Dr David Ryan  
Ceann Roinne, IT Ceatharlach

Brian Scannell Uas.  
Stiúrthóir, Co. Chorcaí

An Dr Michael Schukat  
Co. na Gaillimhe

An Dr Lloyd Scott  
Ceann Forbairt Foghlama,  
DIT

Dan Shanaghan Uas.  
Léachtóir, DIT

Tim Stott Uas.L  
léachtóir, DIT

Niall Taylor Uas.  
Architect, Caisleán an  
Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

Dominic Thorpe Uas.  
Ealaíontóir, Baile Átha Cliath

Edel Tobin Uas.  
Ailtire, Gaillimh

Kate Uí Ghallachóir Uas.  
Ceann na Scoile Margaíochta,  
DIT

An Dr Dermot Walls  
Léachtóir, DCU

Rosemarie Webb Uas.  
Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe

An Dr John Williams  
Bainisteoir na Roinne  
Paiteolaíochta, Ospidéal  
Ginearálta Shligigh

Dr David Ryan  
Head of Department,  
IT Carlow

Mr Brian Scannell  
Director, Co Cork

Dr Michael Schukat  
Co. Galway

Dr Lloyd Scott  
Head of Learning  
Development, DIT

Mr Dan Shanahan  
Lecturer, DIT

Mr Tim Stott  
Lecturer, DIT

Mr Niall Taylor  
Architect, Castlebar,  
Co. Mayo

Mr Dominic Thorpe  
Artist, Dublin

Ms Edel Tobin,  
Architect, Galway

Ms Kate Uí Ghallachóir  
Head of School of  
Marketing, DIT

Dr Dermot Walls  
Lecturer, DCU

Ms Rosemarie Webb  
Oughterard, Co. Galway

Dr John Williams  
Pathology Department  
Manager, Sligo General  
Hospital

## Aguisín II

## Appendix II

### Cuntais Iniúchta

### Audited Accounts

## Clár

Ráiteas maidir le Freagrachtaí	58
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	59
Tuarascáil an Iniúcháora	64
Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta	66
Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais	70
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	72
Clár Comhardaithe na hInstitiúide	74
Ráiteas Comhdhlúite Faoi Shreabhadh Airgid	76
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	78

## Contents

Statement of Responsibility
Statement of Internal Control
Auditor's Report
Statement of Accounting Policies
Consolidated Income and Expenditure Account
Consolidated Balance Sheet
Institute Balance Sheet
Consolidated Cash Flow Statement
Notes to Financial Statements

## Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí na HInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006, ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:-

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna;
- aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasáíochta oiriúnacha a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach.

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Michael Carmody  
Uachtarán



Des Mahon  
Cathaoirleach



Dáta: 1 Lúnasa 2013

## Statement of Institute Responsibilities

The Institutes of Technology Acts 1992 to 2006 require the Institute to prepare financial statements in such form as may be approved by the Higher Education Authority and to submit them for audit to the Comptroller and Auditor General. In preparing these financial statements, the Institute is required to:

- select suitable accounting policies and apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent;
- disclose and explain any material departures from applicable accounting standards;
- prepare the financial statements on the going concern basis, unless that basis is inappropriate;

The Institute is responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the Institute and which enable it to ensure that the financial statements comply with the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The Institute is also responsible for safeguarding its assets and for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

Michael Carmody  
President



Des Mahon  
Chairman



Date: 1st August 2013

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Admhaíonn an Bord Rialaithe a fhreagracht fhoriomlán as córas Rialaithe Inmheánaigh na hInstitiúide.

Tacaíonn córas maith Rialaithe Inmheánaigh le polasaithe, spriocanna agus cuspóirí na hInstitiúide a bhaint amach, agus chun na cistí agus na sócmhainní poiblí a bhfuil freagracht orainn ina leith a chosaint.

Is éard atá sa chóras Rialaithe Inmheánaigh ná na próisis sin a úsáidtear chun na rioscaí suntasacha atá roimh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo i mbainistiú a cuid gnóthaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

Tá an córas ceaptha chun rioscaí a bhainistiú seachas iad a scrios, agus é á aithint nach féidir ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá ceaptha chun na rioscaí a bhíonn roimh chur i gcrích polasaithe, spriocanna agus cuspóirí a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, chun an dóchúlacht go bhfiorófaí na rioscaí sin a mheasúnú agus an iarmhairt dá bhfiorófaí iad, agus iad a bhainistiú go héifeachtach agus ar bhonn eacnamaíoch.

### Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta in Éirinn

Ghlac an Bord Rialaithe in Eanáir 2012 leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta in Éirinn arna leasú chun an Cód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit 2009 a léiriú.

## Statement of Internal Control

### Responsibility for the System of Internal Control

The Governing Body acknowledges its overall responsibility for the Institute's system of Internal Control.

A sound system of Internal Control supports the achievement of the Institute's policies, aims and objectives, whilst safeguarding the public funds and assets for which we are responsible.

The system of Internal Control consists of those processes used to identify, evaluate and manage the significant risks faced by Galway-Mayo Institute of Technology in the management of its affairs.

The system is designed to manage rather than eliminate risk, recognising that only reasonable and not absolute assurance can be provided that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected on a timely basis.

The system of Internal Control is based on an ongoing process designed to identify and prioritise the risks to the achievement of policies, aims and objectives, to evaluate the likelihood of those risks being realised and the impact should they be realised, and to manage them efficiently, effectively and economically.

### Code of Governance of Irish Institutes of Technology

The Code of Governance of Irish Institutes of Technology as amended to reflect the 2009 Code of Governance for State Bodies was adopted by the Governing Body in January 2012.

## Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram déanta ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú, ar a n-áirítear:

- Glacadh le Creat Inmheánach Rialaithe faoi mar atá forbartha ag grúpa oibre earnálach as Institiúidí Teicneolaíochta éagsúla mar chabhair don athbhreithniú ar an gcóras Rialaithe Inmheánaigh. Déanann an creat cur síos ar na rialaithe is gá a bhfuil súil leo chun na riachtanais comhall-bhunaithe a chomhlíonadh sna réimsí riosca seo a leanas:

- Institiúideach
- Oibríochtúil
- Airgeadas
- Comhall
- Comhall Ginearálta

Rinne an Institiúid an Creat a ghlacadh agus a chur in oiriúint agus sannadh úinéireacht ar na réimsí do bhaill éagsúla den fhoireann feidhmiúcháin.

- Is cuid bhunúsach den athbhreithniú ar Rialú Inmheánach laistigh den Institiúid é an creat.
- Bíonn na gnáthaimh agus na rialacháin airgeadais doiciméadaithe ar bhonn reatha, curtha i ngníomh agus cothrom le dáta.
- Róil agus freagrachtaí sainithe bainistíochta a cuireadh in iúl thar ranna acadúla agus aonaid fheidhmeacha tacaíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe ar thuiriscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, ar a n-áirítear feidhmíocht airgeadais curtha i gcomórtas le réamhaisnéisí.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a fhaomhann an Bord Rialaithe.
- Forbairt spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas.
- Treoirí rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.
- Rialuithe foirmiúla agus seiceálacha bainistíochta ar a n-áirítear idirdhealú dualgas, agus seiceáil shamplála Sonrasc agus Íocaíochtaí.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann, ag a bhfuil cairt shonraithe iniúcháireachta, le téarmaí tagartha soiléire, a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna suntasacha rialaithe agus a fhaigheann tuairiscí ó na hiniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha.

## Key Control Procedures

The Governing Body has taken steps to ensure an appropriate control environment, including:

- Adopting an Internal Control Framework as developed by a sectoral working group from various Institutes of Technology to assist in the review of the system of Internal Control. The framework outlines the expected controls necessary to meet compliance based requirements in the following risk areas:

- Institutional
- Operational
- Financial
- Compliance
- General compliance

The Framework was adopted and tailored by the Institute and ownership of the areas were assigned to various members of the executive team.

- The framework forms an integral part of the review of Internal Control within the Institute.
- Financial procedures and regulations are currently documented, implemented and up to date.
- Defined management roles and responsibilities which have been communicated across academic departments and supporting functional units.
- Regular reviews by the Governing Body of periodic and annual financial reports, which include financial performance against forecasts.
- Comprehensive budgeting system with an annual budget which is reviewed and approved by Governing Body.
- Development of targets to measure financial and other performance.
- Clearly defined capital investment control guidelines.
- Formal management controls and checks including segregation of duties, and sample checking of Invoices and Payments.
- An Audit Committee, with a defined audit charter is in place, with clear terms of reference, which deals with significant control issues and receives the reports of the Internal and External auditors.

- Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ann a oibríonn de réir Chreachód an Scothchleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais d'Institiúidí Teicneolaíochta. Faomhann an Coiste Iniúcháireachta an plean Bliantúil Iniúcháireachta Inmheánaí agus tuairiscíonn an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí don fhochoiste seo go rialta.
- Gnáthaimh soláthair atá curtha in iúl do gach ball foirne.
- Gnáthaimh diúscartha sócmhainne atá curtha in iúl do gach ball foirne.
- Próisis chun comhall leis na Treoirínte maidir le Luach ar Airgead a Fháil ar Chaiteachas Poiblí a éascú.
- Gnáthaimh agus córais chun comhall leis na dlíthe ábhartha cánachais a éascú.

### Bainistiú Riosca

#### Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm in 2011/12:

- Tá freagracht glactha ag an mBord Feidhmeannach as bainistiú riosca. Tá sealbhóir chláir riosca ceaptha ón bhFoireann Feidhmeannach seo.
- Cuimsíodh Bainistiú Riosca mar mhír chláir ar bhonn rialta ag ocht gcruinniú den Bhord Feidhmeannach agus ag aon chruinniú amháin den Choiste Iniúcháireachta.
- An clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, imscrúdú a dhéanamh ar neamhchloí le hamlínte agus socruithe comhaontaithe leis an úinéir riosca ábhartha a leanúint.
- Tuairiscítear na nuashonruithe sin don Choiste Iniúcháireachta agus don Bhord Rialaithe de réir mar is iomchuí.

#### Na Príomh-Mhíreanna atá ag dul chun cinn ag Deireadh na Bliana 2012

Athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar an gcreat bainistithe riosca mar aon le hathbhreithniú leanúnach ar an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta in Éirinn chun an bainistiú riosca agus an creat rialachais a fheabhsú tuilleadh laistigh de GMIT:

- Rinneadh anailís in 2012 ar bhearna leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta in Éirinn arna leasú d'fhonn an an Cód Rialachais 2009 do Chomhlachtaí Stáit a léiriú agus beidh aghaidh á tabhairt ar na príomh-mhíreanna seo a leanas in 2013
  - Tá Polasaí Frithchalaioise á dhréachtadh agus súil lena bheith i bhfeidhm faoin 31 Lúnasa 2013.
  - Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhord Rialaithe (arna bheartú do Mhárta 2013).
  - Plean Soláthair Chorparáidigh.
  - Plean Éigeandála agus Leanúnachais Ghnó.

- An Internal Audit function which operates in accordance with the framework Code of Best Practice set out in the Code of Governance for Institutes of Technology. The Annual Internal Audit plan is approved by the Audit Committee and the Internal Audit function reports to this subcommittee regularly.
- Procurement procedures which have been communicated to all staff .
- Disposal of asset procedures which have been communicated to all staff
- Processes to facilitate compliance with Guidelines on Achieving value for Money in Public Expenditure.
- Procedures and systems to facilitate compliance with all relevant taxation laws.

### Risk Management

#### The following actions were undertaken in 2011/12

- The Executive Board has taken on responsibility for risk management. A risk register holder has been appointed from this Executive Team.
- Risk Management was incorporated as an agenda item for eight meetings of the Executive Board and one meeting of the Audit Committee.
- Review and updating of the risk register, investigating non adherence to timelines and following up on arrangements agreed with the relevant risk owner.
- These updates are reported to the Audit Committee and Governing Body as appropriate.

#### Key Items in progress at Year End 2012

Ongoing review and enhancement of the risk management framework together with ongoing review of the Code of Governance of Irish Institutes of Technology to further improve and build the risk management and governance framework within GMIT.

- A gap analysis with the Code of Governance of the Irish Institutes of Technology as amended to reflect the 2009 Code of Governance for State Bodies was carried out in 2012 and the following key items are being addressed in 2013 :
  - An Anti Fraud policy is being drafted and is expected to be in place by 31 August 2013.
  - A Governing Body Effectiveness Review is planned for 2013.
  - A Corporate Procurement Plan.
  - An Emergency and Business Continuity plan.

Lena chois sin, tá roinnt feabhsuithe á gcur chun cinn ag an leibhéal earnálach mar seo a leanas:

- Dréachtchód Iompraíochta d’Fostaithe
- Polasaí maidir le Nochtadh
- Polasaí Cosanta Sonraí
- Tionscadal Náisiúnta maidir le Polasaí/Creat Sláine Fáisnéise

De réir mar a thagann na gníomhaíochtaí seo chun críche, cuirfidh GMTIT tús leis an bpróiseas cur i bhfeidhm chomh luath agus a bheidh na polasaithe comhaontaithe.

- Tá tionscadal ar siúl san Oifig Airgeadais chun an córas Rialaithe Inmheánaigh agus na próisis do Bhailiúchán Táille a fheabhsú. Tá an tionscadal seo le bheith curtha i gcrích i Meitheamh 2013.
- Tá Polasaí Cosanta Linbh dréachtaithe agus táthar ag siúl go mbeidh sé faoia ag an mBord Rialaithe i mBealtaine 2013.

### Athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha

Tá athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chóras Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar:

- Obair na hIniúcháireachta Inmheánaí a chuimsíonn measúnú bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha airgeadais. Cuireann an Plean Iniúcháireachta Inmheánaí riosca san áireamh agus réimsí athbhreithnithe á sainaitheint.
- An Choiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar obair na hIniúcháireachta Inmheánaí. Buaileann an Coiste Iniúcháireachta leis na hIniúcháirí Inmheánacha ar bhonn rialta chun obair na hIniúcháireachta Inmheánaí a athbhreithniú.
- Oifigigh shinsearachta laistigh d’Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.
- An Próiseas Bainistithe Riosca.
- Na ráitis atá déanta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe nó tuairiscí eile.

Tá próisis bunaithe ag an mBord Rialaithe chun éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh a athbhreithniú agus rinneadh athbhreithnithe le linn na bliana, ar a n-áirítear athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha Oibríochtúla.

In addition a number of improvements are being progressed at a sectoral level as follows:

- An Employee Code of Conduct
- A Disclosure policy
- Data Protection Policy
- A National Project in respect of an Information Security Policy/Framework

As these activities reach completion, GMTIT will commence the process of implementation once policies have been agreed.

- A project is underway in the Finance Office to improve the system of Internal Control and processes for Fee Collection. The project is due for completion in June 2013.
- A Child Protection Policy has been drafted and is expected to be approved by the Governing Body in May 2013.

### Annual review of Internal Controls

The Governing Body review of the effectiveness of the system of Internal Control is informed by:

- The work of Internal Audit, which includes the annual evaluation of Internal Controls. The Internal Audit Plan considers risk when identifying areas of review.
- The Audit Committee which oversees the work of Internal Audit. The Audit Committee meets the Internal Auditors on a regular basis to review the work of Internal Audit.
- Senior officers within Galway-Mayo Institute of Technology who have responsibility for the development and maintenance of the Internal control framework.
- The Risk Management Process
- The comments made by the Comptroller and Auditor General in his management letter or other reports.

The Governing Body has processes established for reviewing the effectiveness of the system of Internal Control and reviews were undertaken during the year, including a review of Internal Operational controls.

The role of the Audit Committee is to provide assurance to the Governing Body that an adequate system of Internal Control is implemented and operating effectively and this was done for 2011/2012. The Governing Body performed its review of the effectiveness of the system of Internal Financial Control for the year ended 31 August 2012 on November 23rd 2012.



Is é ról an Choiste Iniúcháireachta deimhniú a chur ar fáil don Bhord Rialaithe go bhfuil córas leordhóthanach Rialaithe Inmheánaigh curtha i bhfeidhm agus ag obair go héifeachtach agus rinneadh é sin do 2011/12. Rinne an Bord Rialaithe a athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh agus Bainistithe Riosca don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012 ar 23 Mí na Samhna 2012.


D'ainneoin na ráiteas thuas, níor sainaithníodh laige ar bith sa Rialú Inmheánach le linn na tréimhse a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le cailleanas ábhartha, teagmhas nó éiginnteacht nó a thabharfadh údar nochtadh a dhéanamh sa ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Ar son an Bhord Rialaithe

Des Mahon  
Cathaoirleach



Michael Carmody  
Uachtarán GMIT



Dáta: 1 Lúnasa 2013

Notwithstanding statements above, no weakness in Internal Control have been identified during the period that would lead to a material loss, contingency or uncertainty or would warrant disclosure in the statement of Internal Control.

On behalf of the Governing Body

Des Mahon  
Chairman of the  
Governing Body



Michael Carmody  
President GMIT



Date: 1st August 2013

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

### Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncain agus caiteachais chomhdhlúite, clár comhardaithe chomhdhlúite na hInstitiúide, an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus an cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

### Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar riocht chúrsaí an Ghrúpa agus ghnóthaí na hInstitiúide agus ar ioncam agus chaiteachas an Ghrúpa, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Déanaim m'iniúchadh maidir leis na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus a n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire) agus i gcomhall leis na Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta.

### Raon an Iniúchta ar na Ráiteas Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeanna agus na nochtáí sna ráitis airgeadais, leordhóthanach chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaíocht nó earráid is cúis leis. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hInstitiúide, ar cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad

## Comptroller and Auditor General Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Galway-Mayo Institute of Technology

I have audited the financial statements of Galway-Mayo Institute of Technology for the year ended 31 August 2012 under the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the statement of accounting policies, the consolidated income and expenditure account, the consolidated and Institute balance sheets, the consolidated cash flow statement and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006 and generally accepted accounting practice in Ireland.

### Responsibilities of the Institute

The Institute is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Group's and Institute's affairs and of the Group's income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

### Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Institute's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir cleachtais chuntasáíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas fíorcheart ar riocht ghnóthaí an Ghrúpa agus na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2012 agus ar ioncam agus chaiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.


Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

#### Ábhair ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir faighte agam atá riachtanach do m'iniúchadh, nó
- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha faoi deara nuair nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach gcloíonn na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach gur chloígh an Institiúid leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar riaradh gnó poiblí.

Níl tada le tuairisciú agam i leith na n-ábhar sin.



Seamus McCarthy  
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Dáta: 1 Lúnasa 2013

- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

#### Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Group's and Institute's affairs at 31 August 2012 and of the Group's income and expenditure for the year then ended.


In my opinion, proper books of account have been kept by the Institute. The financial statements are in agreement with the books of account.

#### Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the Statement on Internal Control does not reflect the Institute's compliance with the Code of Governance of Irish Institutes of Technology, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters.



Seamus McCarthy  
Comptroller and Auditor General

Date: 26th August 2013

## Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na Polasaithe Suntasacha cuntasaíochta ar ghlac Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo leo:

### 1. *BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN*

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shócmhainní áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Údarás um Ard-Oideachas.

Faoin Acht um Choláistí Teicneolaíochta 2006 a tháinig i bhfeidhm ar 1 Feabhra 2007 aistríodh roinnt feidhmeanna a bhíodh á bhfeidhmiú roimhe sin ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas.

### 2. *BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE:*

Cuimsíonn na Ráitis chomhdhlúthaithe Airgeadais Ráitis Airgeadais na hInstitiúide agus GMIT Catering Company Limited don bhliain airgeadais.

### 3. *AITHEANTAS IONCAIM:*

#### *Deontais Stáit:*

Tugtar aitheantas do dheontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuarthas iad. Déileálar le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard Oideachas nó ó chomhlachtaí eile i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais iarchurtha caipitil agus déantar iad a amúchadh ag teacht le dímhéas thar shaol na sócmhainní.

#### *Mionoibreacha Caipitil:*

Thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta scéim isteach d'fhonn freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid d'Oibreacha Samhraidh agus d'Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh suimeanna airgid deontais dhéabhlóidithe i dtaca leis an scéim sin, déileálar leo mar ioncam iarchurtha má bhí na tionscadail a raibh siad ceangailte faofa ag an mBord Rialaithe, iad sainnithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear cistiú Deontais Dhéabhlóidithe ag an méid atá oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha agus é cinntithe ar bhonn chionroinnt ama.

## Statement of Accounting Policies

The significant Accounting Policies adopted by Galway Mayo Institute of Technology are as follows:

### 1. *BASIS OF PREPARATION*

The Financial Statements are prepared in accordance with generally accepted accounting principles in Ireland and the United Kingdom under the historical cost convention (except for certain assets which are included at valuation) and with the requirements of the Higher Education Authority.

Under the Institutes of Technology Act 2006 which came into operation on 1 February 2007 certain functions and funding which were previously exercised and provided by the Minister for Education and Science were transferred to the Higher Education Authority.

### 2. *BASIS OF CONSOLIDATION*

The Consolidated Financial Statements include the Financial Statements of the Institute and GMIT Catering Company Limited for the year.

### 3. *RECOGNITION OF INCOME*

#### *State Grants:*

Recurrent grants from the Higher Education Authority, the Health Service Executive and other bodies are recognised in the period in which they are receivable. Non-recurrent grants from the Higher Education Authority, the Health Service Executive or other bodies received in respect of the acquisition or construction of fixed assets are treated as deferred capital grants and amortised in line with depreciation over the life of the assets.

#### *Devolved Grants:*

The Minister for Education and Science introduced a scheme to devolve responsibility to the Institute for Summer and other Capital Works. Where devolved grant monies, in respect of this scheme, have not been expended they are treated as deferred income, provided the projects to which they are committed have been approved by the Governing Body, are fully defined, time phased and with estimates of costs.

In all other cases Devolved Grant funding is recognised by the amount appropriate to the relevant academic year determined on a time apportionment basis.

**Deontais Taighde agus Conarthaí:**

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a chur i gcomórtas le caiteachas agus cuimsítear é in Ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoi na ceanteidil 'Deontais Taighde agus Conarthaí'. Déantar soláthar iomlán do chaillteanais intuartha.

**Ioncam ó Tháillí:**

Tugtar cuntas ar Ioncam ó Tháillí ar bhonn fabhráithe. Tá an tIoncam go léir ó Tháillí cuimsithe faoin gceanteideal sin, ar a n-áirítear Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile.

**Ioncam ó Ús:**

Déantar gach Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha a chur chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh iad.

**4. STOIC**

Cuimsíonn stoc ceaintín. Déantar luacháil ar stoic ar a luach costais nó an glanluach inréadta is ísle. Breactar caiteachas ar leabhair agus ar stoc inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

**5. SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS**

Luaitear sócmhainní seasta, cés moite de thalamh, ar a chostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha.

**(a) TALAMH AGUS FOIRGNIMH**

Luacháladh talamh ar 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe tosaithe) ag nialas agus luacháladh breisithe talún ina dhiaidh sin ar a gcostas stairiúil. Luacháladh foirgnimh ar 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe tosaithe) ar bhonn a gcostas athsholáthraithe dímheasta agus luacháladh breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas stairiúil.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ag a gcostas bunaithe ar luach na dteastas ailtire agus ar chostas dhíreacha eile a tabhaíodh go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go gcuirtear in úsáid iad.

**(b) TREALAMH**

Ó 1 Meán Fómhair 2008, déantar trealamh a raibh costas níos lú ná €3,000 air in aghaidh na míre aonair, a dhíscríobh don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain a fhála. Ó 1 Meán Fómhair 2010, áit a bhfuil míreanna aonair trealamh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus an sonrasc iomlán ceannacháin níos mó ná an teorainn, déantar na míreanna sin a chaipitliú ina n-aonar sa ghnáthshlí.

**Research Grants and Contracts:**

Income from Research Grants and contracts is matched to expenditure and is included in the Income of the year in which the related expenditure has been incurred. All research income and expenditure is shown under the headings 'Research Grants and Contracts'. Full provision is made for foreseeable losses.

**Fee Income:**

Fee Income is accounted for on an accruals basis. All Fee Income is included under this heading including Life Long Learning and Other Fees.

**Interest Income:**

All Income from short term deposits is credited to the Income and Expenditure Account in the period in which it is earned.

**4. STOCKS**

Stocks comprise canteen stock. Stocks are valued at the lower of cost and net realisable value. Expenditure on books and consumable stocks is charged to the Income and Expenditure Account as incurred.

**5. FIXED ASSETS AND DEPRECIATION**

Fixed assets, with the exception of land, are stated at historical cost or valuation less accumulated depreciation.

**(a) LAND AND BUILDINGS**

Land on 1 January 1993 (date of commencement order) was valued at nil and subsequent land additions are valued at historical cost. Buildings on 1 January 1993 (date of commencement order) were valued on a depreciated replacement cost basis and subsequent additions are valued at historical cost.

Buildings under construction are accounted for at cost based on the value of the architect's certificates and other direct costs incurred to the financial year end. They are not depreciated until they are brought into use.

**(b) EQUIPMENT**

From 1 September 2008, equipment costing less than €3,000 per individual item is written off to the Income and Expenditure Account in the year of acquisition. From 1 September 2010, where individual items of equipment purchased are below the capitalisation limit (€3,000) and the total purchase invoice is in excess of the limit, these items are individually capitalised in the normal way.

(c) DÍMHEAS

Leantar de chaitheamh le gach sócmhainn a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2008 agus a caipitlíodh mar Shócmhainní Seasta agus déanfar dímhéas orthu go dtí deireadh na tréimhse a meastar iad a bheith inúsáidte. Déantar soláthar do dhímheas ar Shócmhainní Seasta, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostais stairiúla nó a luachálacha a dhíscríobh thar na tréimhsí a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	50
Daingneáin agus Feistithe,	
Réamhdhéantáin san áireamh	10
Trealamh Ríomhaire	3
Gléasra agus Innealra	10
Trealamh	5
Feithiclí Mótair	5

Leanfar de Threalamh Ríomhaire a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 a dhímheas ar bhonn pholasaí dímhéasa dronlíne ceithre bliana. Déanfar Trealamh Ríomhaire a ceannaíodh i ndiaidh an dáta sin a dhímheas ar bhonn dronlíne trí bliana.

Déantar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a dhímheas thar shaol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do gach Sócmhainn Sheasta eile.

6. AIRGEADRAÍ EACHTRACHA:

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro agus déantar iad a thaifeadh de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

7. PINSIN:

